OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

Cód: QA278
Teideal: **Ainmniúchán agus Faomhadh Scrúdaitheoirí Seachtracha – Cláir Mhúinte**
Dáta: 04/12/2019
Faomhadh: An Chomhairle Acadúil (ACS/STD/19/A5/8.3)

**1.0 Aidhm**

An fhoireann a chur ar an eolas maidir leis an mbealach le scrúdaitheoir seachtrach do chláir mhúinte a ainmniú agus a fhaomhadh. Clúdaíonn an polasaí seo ainmniú Scrúdaitheoirí Seachtracha le haghaidh Cláir Mhúinte. *Ní bhaineann an polasaí seo le Scrúdaitheoirí Seachtracha do chéimeanna Taighde.*

**2.0 Cur síos**

Ba cheart scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh ó Ollscoileanna agus ó Institiúidí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu. Níor cheart scrúdaitheoirí seachtracha i ndiaidh a chéile a cheapadh ó laistigh de Phoblacht na hÉireann ná níor cheart scrúdaitheoirí seachtracha i ndiaidh a chéile a cheapadh as an institiúid chéanna.

Ní bheidh aon ghlacadh le scrúdaitheoirí seachtracha i ndiaidh a chéile ó Phoblacht na hÉireann ná ón Institiúid chéanna ach i gcásanna eisceachtúla amháin, mar shampla má tá ganntanas saineolais i ndisciplín ar leith.

Ní mór d'iarfhostaithe roimhe seo in Ollscoil na Gaillimhe gan a bheith fostaithe in Ollscoil na Gaillimhe le cúig bliana ar a laghad sula n-ainmneofar iad mar scrúdaitheoir seachtrach. Nuair atá lucht acadúil Emeritus á n-ainmniú mar scrúdaitheoirí seachtracha ba chóir sonraí faoina nasc leanúnach le hOllscoil, nó le hInstitiúid choibhéiseach, agus an bhaint leanúnach atá acu le forbairtí sa disciplín a chur ar fáil.

Caithfidh scrúdaitheoirí seachtracha a bheith i láthair ar an gcampas chun an scrúdú a dhéanamh agus páirt a ghlacadh sa phróiseas réamhscrúdaithe foirmiúil. Féach *QA005 Scrúdaitheoirí Seachtracha – Cláir Mhúinte* ina leagtar amach feidhmeanna na Scrúdaitheoirí Seachtracha.

Tá an próiseas seo a leanas i bhfeidhm agus ainmniúcháin á ndéanamh:
1) Ceapfar scrúdaitheoirí seachtracha ar feadh gnáth-théarma ceithre bliana.
2) Ní mór ainmniúcháin a dhéanamh sé mhí ar a laghad sula rachaidh téarma an scrúdaitheora sheachtraigh reatha in éag.
3) Ní bheidh ainmniúcháin a fhaightear níos lú ná 6 mhí sula dtosóidh an scrúdaitheoir seachtrach ach faofa ar feadh téarma bliana. Ní bhreithneofar síneadh ar théarma scrúdaitheora sheachtraigh sa chás seo. Caithfear ainmniúchán nua a dhéanamh ar scrúdaitheoir seachtrach.
4) Ní mór ainmniúcháin a chur isteach trí Chóras Ar Líne do Scrúdaitheoir Seachtrach.
5) Ní mór ainmniúcháin a chur isteach i gcomhréir le riachtanais Choiste Seasta na Comhairle Acadúla maidir le cáipéisí a leagan isteach, i.e. cúig lá oibre roimh an gcruinniú. (Féach Sceideal Cruinnithe na hOllscoile).
6) Ba cheart go leagfaí amach sna hainmniúcháin an réasúnaíocht atá le gach iarratas, lena n-áirítear faisnéis tacaíochta, más gá (trí cheangaltáin a uaslódáil nó nótaí a thaifeadadh faoi Nótaí Coláiste)
7) Ní mór don Déan Feidhmiúcháin na hainmniúcháin a fhaomhadh lena chinntiú go gcuirfear faoi bhráid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla iad lena mbreithniú.

Cuirfidh an Córas Ar Líne do Scrúdaitheoir Seachtrach admháil uathoibríoch uaidh nuair a chuirfear isteach ainmniúchán an scrúdaitheora sheachtraigh, a bheas faofa ag an Déan Feidhmiúcháin, agus i ndiaidh cinneadh a bheith déanta ag Coiste Seasta na Comhairle Acadúla.

Tá gach Coláiste/Scoil freagrach as sonraí a bhaineann le dátaí tosaigh agus deiridh na scrúdaitheoirí seachtracha atá ceaptha agus aon ainmniúchán d'aon cheapachán ina dhiaidh sin a chur ar taifead.

### 3.0 Freagrachtaí agus Ról


| Ainm | Freagracht |
|---|---|
| An tUachtarán Ionaid & Meabhránaí | Úinéir<br>Athbhreithniú ar Thuairiscí Achoimre |
| Ceannaire Ábhair:<br>(is é sin Ceann Disciplín, Riarthóir an Chláir, Ollamh, etc.) | Earcú agus Comhordú phróiseas an Scrúdaitheora Sheachtraigh<br>Dul i gcomhairle leis an Déan Feidhmiúcháin, an Ceann Scoile maidir le scrúdaitheoirí seachtracha a ainmniú<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascáil an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus pleananna gníomhaíochta a chur le chéile |
| An Ceann Scoile: | Athbhreithniú a dhéanamh ar ainmniúcháin an scrúdaitheora sheachtraigh in éineacht leis an gCeannaire Ábhair agus an Déan Feidhmiúcháin. Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascálacha an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus ar Phleananna Gníomhaíochta |
| Déan an Choláiste: | Scrúdaitheoirí seachtracha a fhaomhadh/a ainmniú<br>Athbhreithniú a dhéanamh ar Thuarascálacha an Scrúdaitheora Sheachtraigh agus ar Phleananna Gníomhaíochta |
| Coiste Seasta: | Ainmniúchán scrúdaitheora sheachtraigh a Fhaomhadh/Dhiúltú |
| Oifig na Scrúduithe: | Teagmháil a dhéanamh le scrúdaitheoirí seachtracha, na cáipéisí tosaigh a sheoladh chucu. Bunachar sonraí inmheánach a choinneáil de scrúdaitheoirí seachtracha.<br>Éilimh ar chostais a phróiseáil |
| An Oifig Feabhais: | Glacadh le Tuairiscí Scrúdaitheoirí Seachtracha, iad a chomhdú agus a dháileadh. |

### 4.0 Cáipéisí Gaolmhara

(1) *Aguisín A* — Próiseas Sreafa Oibre an Scrúdaitheora Sheachtraigh
(2) *Aguisín B* — Foirm Ainmniúcháin an Scrúdaitheora Sheachtraigh (Teimpléad d'fhoirm ar-líne)
(3) ***QA005*** Ról an Scrúdaitheora Sheachtraigh — Cláir Mhúinte
(4) ***QA226*** Costais Scrúdaitheora Sheachtraigh a Íoc

*Aguisín: A*

# PRÓISEAS SREAFA OIBRE AN SCRÚDAITHEORA SHEACHTRAIGH



*Aguisín B:*

**Foirm Ainmniúcháin an Scrúdaitheora Sheachtraigh**
***(Teimpléad d'Fhoirm Ar Líne an Scrúdaitheora Sheachtraigh)***

| | |
|---|---|
| ***Tagairt*** | Tugtar uimhir thagartha go huathoibríoch do gach ainmniúchán faofa |
| ***Aitheantas*** | Curtha ar fáil go huathoibríoch in ord uimhriúil |
| ***Coiste Seasta na CC*** | Roghnaigh an dáta cuí don chéad chruinniú eile |
| ***Scoil*** | Roghnaigh an Scoil (inmheánach in Ollscoil na Gaillimhe) a mbeidh an scrúdaitheoir seachtrach nua á (h)ainmniú chuici |
| ***Teideal an Scrúdaitheora Ainmnithe*** | Ollamh / Dr / Uasal / Mrs / Ms |
| ***Céadainm*** | Céadainm an scrúdaitheora sheachtraigh nua |
| ***Sloinne*** | Sloinne an scrúdaitheora sheachtraigh nua |
| ***Seoladh Ríomhphoist*** | Seoladh ríomhphoist an scrúdaitheora sheachtraigh nua |
| ***Scoil-Disciplín*** | Scoil agus Disciplín an róil reatha atá ag an scrúdaitheoir seachtrach nua |
| ***Teideal na hinstitiúide*** | Institiúid reatha fostaíochta an scrúdaitheora sheachtraigh nua |
| ***Seoladh*** | Seoladh institiúide fostaíochta an scrúdaitheora sheachtraigh nua nó eile |
| ***Dáta tosaigh iarrtha*** | Dáta tosaigh an scrúdaitheora sheachtraigh nua – 1 Meán Fómhair 20.. |
| ***Dáta Deiridh Iarrtha*** | Dáta deiridh an scrúdaitheora sheachtraigh nua – 31 Lúnasa 20... |
| ***An Scrúdaitheoir Seachtrach Reatha*** | Ainm an scrúdaitheora sheachtraigh reatha |
| ***Institiúid an Scrúdaitheora Sheachtraigh Reatha*** | Institiúid fostaíochta an scrúdaitheora sheachtraigh reatha |
| ***Dáta Tosaigh an Scrúdaitheora Sheachtraigh Reatha*** | Dáta tosaigh an scrúdaitheora sheachtraigh reatha |
| ***Dáta Deiridh an Scrúdaitheora Sheachtraigh Reatha*** | Dáta deiridh an scrúdaitheora sheachtraigh reatha |
| ***Teideal an Ábhair*** | Ainm an ábhair a bhfuil sé/sí á c(h)eapadh chuige laistigh d'Ollscoil na Gaillimhe |
| ***Stiúrthóir Cúrsa/Cláir*** | Ainm an Stiúrthóra Cúrsa/Cláir in Ollscoil na Gaillimhe |
| ***Seoladh ríomhphoist an teagmhálaí acadúil*** | Seoladh ríomhphoist Stiúrthóir an Chláir/an Chúrsa |
| ***Teagmháil Riaracháin na Scoile*** | Ainm an Riarthóra Scoile a chuir an t-iarratas isteach |
| ***Ríomhphost Teagmhálaí Riaracháin Scoile*** | Ríomhphost an Riarthóra Scoile a chuir an t-iarratas isteach |
| ***Nótaí Coláiste*** | Le húsáid chun tuilleadh eolais a sholáthar mar thaca le hainmniúchán<br>Mar shampla: an chúis leis an ainmniúchán a bheith deireanach, an chúis le hainmniúchán nua má tá scrúdaitheoir seachtrach ann cheana féin, eolas breise i gceangal leis seo |
| ***Ionadaíocht*** | Abair nach bhfuil an conradh críochnaithe. Más ainmniúchán nua é an t-ainmniúchán le dul in áit scrúdaitheoir seachtrach nach bhfuil a t(h)éarma iomlán críochnaithe aige/aici |
| ***Faofa ag Déan*** | Ní mór don Déan Feidhmiúcháin gach ainmniúchán do scrúdaitheoir seachtrach a fhaomhadh sula gcuirfear faoi bhráid Choiste Seasta na Comhairle Acadúla iad agus, dá bhrí sin, tá dearbhú ar fhaomhadh ag teastáil ag an bpointe seo. |
| ***Ceangaltáin*** | Is féidir eolas tacaíochta a uaslódáil anseo más gá. |

**** Tabharfaidh an teimpléad seo treoir den eolas a theastaíonn agus na sonraí ar líne á gcur isteach***